

Laoch Spóirt



Buíochas le Sportsfile

"NÍ THITEANN AN
T-ÚLL I BHFAD ÓN
GCRANN"

Ann Downey

Le Liam de Lása

D'éirigh Ann Downey as a cuid cúramaí mar bhainisteoir ar fhoireann sinsir camógaíochta Chill Chainnigh ag deireadh na bliana seo caite. Tháinig an fógra chugainn ar an Luan tar éis dóibh Cluiche Ceannais na hÉireann a chailliúint agus ba chloch mhíle é i saol duine de na pearsa spóirt is rathúla sa tír.

Ní ar an taobhlíne amháin a bhain Ann cliú agus cáil amach di féin áfach. Bhuaigh sí a céad bhonn uile-Éireann siar sa bhliain 1974 agus do bhí dhá bhonn déag sa phóca aici mar imreoir tar éis di a ceann deireanach a thabhairt léi mar chaptaen i 1994.

B'éachtach an t-aicsean é nuair a d'fhill sí ar an talamh naofa mar bhainisteoir ar fhoireann sinsir Chill Chainnigh i 2016. Do bhí bua stairiúil acu ar an lá san chun deireadh a chur leis an ngorta mór. Bhí thiar orthu ar an lá mór sa dá bhliain ina dhiaidh sin ach d'éirigh le foireann Ann Downey filleadh ar Bhóthar Mhic Sheoin uair amháin eile anuraidh le rian soiléir an bhainisteora fágtha ar an bhfoireann.

Tús na Réabhlóide

Cheapfadh an té nach bhfuil díaneolas acu ar an gcluiche gur láidir a bhí an spórt traidisiúnta ó thús ama sa chontae. Ní raibh cuma fholláin ar chúrsaí nuair a bhí Ann ag fás aníos áfach. Ní hamháin nach raibh craobh na hÉireann buaite acu roimh 1974 ach níor bhaineadar lá an chluiche ceannais amach go dtí 1970.

N'fheadar ar shamhlaigh éinne go mbeadh ré órga rompu ina dhiaidh sin ach ré speisialta a bhí ann gan dabht agus déanaim amach nárbh aon chomhtharlúint é gur tháinig Ann agus a deirfiúr aitheanta Angela ar an bhfód ag tús na réabhlóide sin.

Buanna ar Leith

Ba léir go raibh buanna ar leith aici riamh ach ní thiteann an t-úll i bhfad ón gcrann agus is fíor san i gcás Ann Downey go deimhin. Do bhí an cluiche ag sruth trí na cuislí aici ón lá a tháinig sí ar an saol agus tháinig a cumas chun solais gan mhoill. Ba é an t-íománaí mór le rá Shem Downey a hathair, beannacht Dé lena anam dílis.

Bhuaigh Shem bonn uile-Éireann le Cill Chainnigh i 1947 nuair a bhuarar ar íománaithe Chorcaí ar lá a bhí Christy Ring ag imirt don bhfoireann cois Laoi. Ní raibh sé de phribhléid agamsa an fear uasal a fheiscint i mbun a cheirde faraor ach deirtear gur íománaí oilte agus crua ab ea é.

Fear nach raibh sásta géilleadh idir na línte bána riamh agus bhí na tréithe céanna go smior ina bheirt iníonacha ón gcéad lá a chuir sé camán ina láimh acu.

Modhanna Nua

Is iomaí uair atá sé cloiste againn go léir go bhfuil ré na nuálaíochta buailte linn agus go bhfuil slíte níos éifeachtaí fachta againn chun tabhairt fé chúramaí an tsaoil. Táimid ag maireachtaint trí laethanta na n-athruithe gan dabht agus maith nó olc tá tionchar na n-athruithe siúd go doimhin ar dhioscúrsa an spóirt leis.

Níor fágadh an chamógaíocht ar lár sa chomhthéacs san agus tá tuairimí ag gach aon duine againn anois ar conas barr feabhais a bhaint amach ar an ngort imeartha.

Táimid beannaithe anso i gCill Chainnigh go raibh an méid sin ratha orainn le 30 bliain anuas agus nuair a léann tú scéal na gCat tá modhanna traenála Downey i gceartlár an scéil.

Luadh go mionmhinic sna meáin éagsúla go raibh tréithe áirithe le feiscint i mná Chill Chainnigh ó tháinig Ann i bhfeighil orthu. Chuir siad ana-bhéim ar an obair agus go mórmhór nuair nach raibh an tseilbh acu bhí siad luite amach orthu féin ag iarraidh straidhn a chur ar a gcéile comhraic agus is ar an mbunchloch sin a tógadh caisleán na foirne. Ní haon ionadh san óir ba ar an mbunchloch chéanna a tógadh a mbainisteoir agus í ag cruthú staire ina saol camógaíochta féin.

Ní ró-fhada uaithi thíos ar an taobhlíne a bhíonn a leathbhádóir agus deirfiúr aitheanta Angela. Ní raibh an bheirt acu riamh i bhfad óna chéile i lár na gcathanna ar an ngort ach an oiread.

Is iomaí caibidil chamógaíochta atá scríte ag muintir Downey síos tríd na blianta, ach tá rud éigin ag rá liom nach bhfuil deireadh an leabhair léite againn go fóill.

Cúramai - Duties

Cloch Mhíle - Milestone

Talamh Naofa - Sacred Ground

Gorta Mór - Famine

Cuislí - Veins

Straidhn - Strain

Pribhléid - Privilege-

Bunchloch - Foundation-stone

Cathanna - Battles

Ag maireachtaint - Living

Caibidil - Chapter

Aitheanta - Recognized

Cúinne na bPáistí

Aimsigh na Focail

N	L	L	I	L	T	N	I	L	H	M	I	O	C
B	H	R	I	A	T	S	B	C	H	A	I	L	L
H	G	I	N	N	I	A	H	C	L	L	I	C	A
U	R	O	B	A	I	R	L	U	A	S	H	L	N
A	R	A	O	B	R	A	E	T	S	I	A	H	N
I	O	C	N	O	C	C	I	L	C	A	L	D	A
G	O	O	N	N	B	L	L	A	O	C	H	A	E
H	D	R	E	N	A	C	U	L	I	H	H	T	L
I	S	C	C	U	A	L	A	I	H	A	H	H	I
B	T	A	L	L	A	N	N	N	C	H	A	C	C
T	C	I	O	C	T	I	H	N	A	H	U	A	S
I	H	G	G	A	R	E	A	B	L	E	E	E	A
T	L	H	A	T	C	L	S	M	I	N	B	L	O
O	I	L	D	H	R	I	O	E	R	M	I	C	N

CLEACHTADH
LUAS
CLUICHE
CORCAIGH
TALLANN
CILL CHAINNIGH
LAOCH
CLOGAD
STAIR
BHUAIGH
SCILEANNA
CATH
AISTEAR
COIMHLINT
BONN
IMREOIR
BEAN
CHAILL
OBAIR